# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2012

## LÉANN CLASAICEACH – GNÁTHLEIBHÉAL

DÉARDAOIN, 21 MEITHEAMH – MAIDIN, 9.30 go dtí 12.00

Tá ceisteanna anseo ar **dheich dtopaic**.
Tá na topaicí roinnte mar seo a leanas:
Topaicí 1 - 5 = **ROINN A** – An Saol Gréagach
Topaicí 6 - 10 = **ROINN B** – An Saol Rómhánach

Ní mór d'iarrthóirí ceisteanna a fhreagairt ar **chúig thopaic,** mar a leanas:
**dhá** thopaic as **ROINN A**;
**dhá** thopaic as **ROINN B**;
an **cúigiú** topaic as **ROINN A** nó **B**.

Tá 80 marc ag gabháil le gach topaic.
Marcanna iomlána don pháipéar = (80x5) = 400.

Na fótagraif a bhfuil gá leo chun roinnt de na ceisteanna a fhreagairt, tá siad ar fáil ar pháipéar ar leith, marcáilte **X**, a ghabhann leis an bpáipéar seo.

| **ROINN A – An Saol Gréagach** | **ROINN B – An Saol Rómhánach** |
|---|---|
| Topaic 1: Fraoch Aichill. | Topaic 6: Aeinéas ar a Shiúlta. |
| Topaic 2: An Ghréig agus an Pheirs. | Topaic 7: Téatar na Rómhánach – Coiméide. |
| Topaic 3: Beatha agus Bás Shócraitéas. | Topaic 8: Beatha agus Comhaimsir Iúil Caesar. |
| Topaic 4: Micéiné agus an Traí. | Topaic 9: Cathair Rómhánach – Poimpé. |
| Topaic 5: Acrapoil na hAithine. | Topaic 10: An tArm Rómhánach. |

[Thall

# ROINN A

## An Saol Gréagach

**Topaic 1: Fraoch Aichill.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile** - (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra.
Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cad is filíocht eipiciúil ann?

(ii) Cad a dúradh le hAichill a dhéanamh seachas Agaiméamnón a mharú?

(iii) Cé leis a mhalartaigh Glaucus a armúr? Cén fáth a ndearna sé é seo?

(iv) Ainmnigh fear céile **agus** mac Andromache.

(v) Cén fáth ar cheap Téitis gur lá mí-ámharach é an lá ar rugadh Aichill di?

(vi) Cérbh í Cassandra? (24)

(*b*) (i) Cén fáth ar fhiafraigh Patroclus d'Aichill an bhféadfadh sé dul i gceannas ar na Myrmiodóin sa chath? (8)

(ii) Cé acu ceann d'uirlisí Aichill nár thóg Patroclus? Cén fáth nár thóg sé í? (8)

(iii) Mínigh cad a tharla nuair a rinne Patroclus iarracht ballaí na Traí a dhreapadh. (8)

(iv) Cén bréagriocht atá ar Hermes nuair a chuirtear amach é chun Priam a threorú chuig an gcampa Gréagach? (8)

(*c*) Léigh an sliocht seo a leanas as Leabhar 11 den **Iliad**, agus ansin freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Bhog Odaiséas siar, é ag béiceadh in ard a ghutha agus, nuair a chuala Meinealás trodach a ghártha, d'iompaigh sé go tapa ar Ajax, a tharla in aice láimhe, agus dúirt: "A Ajax Oilimpeach, mac Telemon, tig liom Odaiséas mór a chloisteáil ag béiceadh. Dealraíonn sé go bhfuil sé sáinnithe ag muintir na Traí i gceartlár an chatha agus go bhfuil an lámh in uachtar faigte acu air. B'fhearr dúinne beirt ropadh isteach chun é a tharrtháil." Níorbh fhada gur tháinig siad ar Odaiséas agus Traígh ag bailiú timpeall air ar nós seacál sna sléibhte timpeall ar fhia beannach a bheadh gonta ag saighead ó bhogha sealgaire; tá an fia sách tapa chun an fear a fhágáil ar gcúl, chomh fada agus a ritheanna a chuid fola go te agus go n-iompraíonn a chosa é, ach nuair a shlogann an tsaighead a neart alpann na seacáil fheoiliteacha é i gcoillte scáthacha na sléibhte. Díreach mar sin, bhailigh go leor Traíoch cróga timpeall ar Odaiséas trodach luathsmaointeach ar éirigh leis an bás a choinneáil amach uaidh trí shá chucu lena shleá.

(i) Aimsigh an tsamhail sa sliocht seo. Cé na hainmhithe a gcuirtear na Traígh agus Odaiséas i gcomparáid leo? (8)

(ii) An samhail mhaith í? Tabhair cúis le do fhreagra. (4)

(iii) Sa sliocht seo, deirtear go bhfuil Meinealás 'trodach' (líne 1). An focal maith é sin le cur síos air? Tabhair cúis le do fhreagra. (6)

(iv) Mínigh cén fáth ar chuir Agaiméamnón Odaiséas amach go Chryses i Leabhar 1 den **Iliad**. (6)

**(80 marc)**

**Topic 2: An Ghréig agus an Pheirs.**

Ba cheart tabhairt faoi na **páir**teanna **uile** - (*a*), (*b*) agus (*c*)

(*a*) Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cár rugadh an staraí Héaradatas?

(ii) Cad a tharla do na teachtairí a chuir Dáirias chuig na Spartaigh chun ithir agus uisce a éileamh?

(iii) Cad a tharla do Theimisticléas sa bhliain 472 R.Ch?

(iv) Cén ceangal a bhí idir an scríbhneoir Aescaileas agus Cogaí na Peirse?

(v) De réir Héaradatas, bhí 1,700,000 fear ina arm ag Xeirxéas. Cén modh a d'úsáid Xeirxéas chun iad a chomhaireamh?

(v) Cén ceannaire a bhí ar arm na Gréige ag Cath Plataea sa bhliain 479 R.Ch? (24)

(*b*) (i) Cén fáth ar ordaigh Xeirxéas go dtabharfaí trí chéad lasc don Heilléaspontas? (8)

(ii) Ainmnigh an rí Spartach a chuaigh in éineacht le Xeirxéas mar chomhairleoir. (8)

(iii) Cad a bhí ar siúl ag na Spartaigh nuair a chonaic an scabhta ón Pheirs iad den chéad uair os comhair an bhalla ag Tearmápalae? (8)

(iv) Dar leat, an raibh rath nó teip ag baint le cath Thearmápalae do na Gréagaigh? Tabhair cúis le do fhreagra. (8)

(*c*) Léigh an sliocht seo a leanas as **Na Staireanna** le Héaradatas, agus ansin freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Measann na Peirsigh gur ábhar náire níos mó é insint bréag ná rud ar bith eile agus, ina dhiaidh sin, airgead a bheith ag duine ort. Tá go leor cúiseanna acu gur fuath leo fiacha, ach is é an príomhcheann ná go gcreideann siad nach féidir leis an bhfear atá i bhfiacha ach bréaga a insint chomh maith. Deir siad freisin gur pionós é gach galar as an ngrian a mhaslú, agus go gcaithfear duine ar bith a tholgann galair a dhíbirt as an gcathair. Tá an-ómós acu d'aibhneacha: mar ní dhéanfaidh siad riamh abhainn a thruailliú le fual ná le seile, nó fiú ní nífidh siad a lámha inti ná ní ligfidh siad d'aon duine eile é sin a dhéanamh. Tig liom é seo ar fad a rá le cinnteacht ó m'eolas pearsanta féin.

(i) Ón léamh atá déanta agat ar an sliocht seo, luaigh **dhá** rud atá náireach dar leis na Peirsigh. (6)

(ii) Dar leis an sliocht, cad a chreideann na Peirsigh i dtaobh galar? (6)

(iii) Ón léamh atá déanta agat ar an sliocht seo, cad air a bheadh meas agat nó nach mbeadh meas agat air maidir leis na na Peirsigh? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (6)

(iv) Ón staidéar ata déanta agat ar an topaic seo, cad atá ar eolas agat faoi na modhanna a d'úsáid Héaradatas chun eolas a bhailiú? (6)

**(80 marc)**

**Topic 3: Beatha agus Bás Shócraitéas.**

Ba chóir tabhair faoi na páirteanna **uile** - (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cén aois a bhí ag Sócraitéas nuair a cuireadh chun trialach é?

(ii) Ainmnigh **beirt** de chúiseoirí Shócraitéas sa chúirt.

(iii) Cén t-ordú a thug an Tríocha Coimisinéir do Shócraitéas agus do cheathrar eile?

(iv) Cad a d'iarr Sócraitéas ar an ngiúiré maidir lena chlann mhac?

(v) Cad é an t-aon phost oifigiúil amháin a bhí ag Sócraitéas riamh san Aithin?

(vi) Conas a fuair Sócraitéas bás? (24)

(*b*) (i) Luaigh cúiseamh **amháin** a rinneadh ar Shócraitéas. (8)

(ii) Cad a dúirt Sócraitéas ar chóir a thabhairt dó seachas pionós an bháis? (8)

(iii) Tabhair argóint **amháin** a d'úsáid Crito agus é ag iarraidh a áiteamh ar Shócraitéas éalú. (8)

(iv) Tabhair cúis **amháin** a thug ar Shócraitéas diúltú éalú ón bpríosún. (8)

(*c*) Léigh an sliocht seo a leanas as agallamh **Phaedo** le Platón agus ansin freagair na ceisteanna ina dhiaidh. Sa sliocht seo, insíonn Phaedo d'Echecrates faoi bhás Shócraitéas.

**Phaedo:** Tharla sé gur ar an lá roimh an triail a chríochnaigh siad an maisiú ar dheireadh na loinge a chuir an Aithin go Déileas.
**Echecrates:** Cén long í sin?
**Phaedo:** Deir na hAithnigh gurb í an ceann inar sheol Téiseas amach chuig an gCréit leis an seachtar óganach agus an seachtar cailíní, agus inar sábháladh a mbeathasan agus a bheatha féin chomh maith. De réir an scéil ghlac na hAithnigh móid go gcuirfidís misean sollúnta go Déileas gach bliain dá sábhálfaí beatha na ndaoine óga. De réir dlí atá acu, ní mór an chathair a choimeád íon a luaithe is a thosaíonn an misean seo agus ní ceadmhach aon bhású poiblí a chur i gcrích go dtí go scroicheann an long Déileas agus go bhfilleann sí arís.
**Echecrates:** Cad faoi chúinsí bhás Shócraitéas, go baileach, a Phaedo? Cad a dúradh agus cad a rinneadh agus cé acu de chomrádaithe Shócraitéas a bhí in éineacht leis?

(i) Cén dia a raibh baint aige le hoileán Dhéileas? (4)

(ii) Dar leis an sliocht seo, cad a dúirt an dlí i leith na loinge seo? Cén chaoi a raibh tionchar ag an dlí seo ar Shócraitéas? (8)

(iii) Cé acu de chomrádaithe Shócraitéas a bhí in éineacht leis nuair a fuair sé bás? Cén fáth nach raibh Platón ann nuair a fuair Sócraitéas bás? (6)

(iv) Ón staidéar atá déanta agat ar an topaic seo, an dóigh leat go raibh eagla ar Shócraitéas roimh an mbás? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (6)

**(80 marc)**

**Topaic 4: Micéiné agus an Traí.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile** - (*a*), (*b*) agus (*c*) .

(*a*) Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Déan staidéar ar Fhótagraf **1** ar Pháipéar **X**. Cén t-ainm a thugtar ar bhalla den chineál seo? Mínigh cén fáth a dtugtar é sin air.

(ii) Ainmnigh **ceann amháin** d’aibhneacha na Traí.

(iii) Cad a thaispeántar ar Fhótagraf **2** ar Pháipéar **X**?

(iv) Cén tábhacht a bhaineann le Wilhelm Dörpfeld i scéal na Traí?

(v) Cén t-ainm a thug na Gréagaigh agus muintir na Traí ar an gcaolas uisce taobh ó thuaidh den Traí?

(vi) Cé acu ceann de na naoi gcathair a aimsíodh ag an Traí ar chreid Schliemann gurbh í cathair Chogadh na Traí í? Cén fáth ar chreid sé é sin? (24)

(*b*) (i) Cad is *megaron* ann? (8)

(ii) Cad is *tholos* ann? (8)

(iii) Ainmnigh suíomh **amháin** inar aimsíodh táibléid i Líneach B. (8)

(iv) Cad is *rhyton* ann? (8)

(*c*) Léigh an sliocht seo a leanas ón staraí Aithneach, Túicídidéas. Scríobhadh é thart ar 400 R.Ch, ar a laghad 800 bliain i ndiaidh Chogadh na Traí.

Is dóigh liom go raibh Agaiméamnón ar an gceannaire ba chumhachtaí de rialtóirí a ré; agus ba ar an gcúis seo a ghríosaigh sé a fhórsa in aghaidh na Traí, agus níorbh é go raibh iallach ar shuirígh Héilin é a leanúint mar gheall ar na mionnaí a ghlac siad. De bharr Pelops a fuair sé an impireacht mar oidhreacht agus, ag an am céanna, bhí cabhlach níos láidre aige ná mar a bhí ag aon rialtóir Gréagach eile. Dá bhrí sin, is é mo thuairim go raibh tionchar níos mó ag an eagla ná ag an dílseacht i ngríosú na sluaíochta in aghaidh na Traí. Más féidir linn fianaise Hóiméar a chreidiúint, bhí Agaiméamnón féin i gceannas ar níos mó long ná duine ar bith eile. Toisc go raibh a chumhacht bunaithe ar an mórthír, ní fhéadfadh sé oileán ar bith a rialú mura mbeadh cabhlach réasúnta mór aige.

(i) Sa sliocht seo cén chúis a thugann Túicídidéas faoi bhunúdar Chogadh na Traí? (4)

(ii) Cén chúis a thugann Hóiméar faoi bhunúdar Chogadh na Traí? Cé acu cúis is fearr leat: an ceann a thug Túicídidéas sa sliocht seo nó an ceann a thug Hóiméar? Mínigh do fhreagra. (8)

(iii) Ón léamh atá déanta agat ar an sliocht seo, tabhair **dhá** chúis a raibh Agaiméamnón chomh cumhachtach sin. (8)

(iv) An gcreideann tú gur tharla Cogadh na Traí i ndáiríre? Tabhair cúis le do fhreagra. (4)

**(80 marc)**

**[Thall**

**Topaic 5: Acrapoil na hAithne.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile** - (*a*), (*b*) agus (*c*) .

(*a*) Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra.
Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Ainmnigh an t-ord ailtireachta ina bhfuil an teampall a thaispeántar i bhFótagraf **3** ar Pháipéar **X.**

(ii) Cérbh é ailtire Theampall Aitéiné Nícé?

(iii) Cén chaoi a bhfuair Peiricléas bás?

(iv) Cad a tharla don Aithin sa bhliain 480 R.Ch.?

(v) Cén bhaint a bhí idir an dia Poiséadón agus an Erechtheum?

(vi) Cérbh é Féidias? Cén fáth a bhfuil baint aige leis an Acrapoil? (24)

*(b)* (i) Cá bhfeicfeá peidiméid ar an bPartanón?
Féadfaidh tú úsáid a bhaint as sceitse lipéadaithe i do fhreagra. (6)

(ii) Déan staidéar ar an dealbh a thaispeántar i bhFótagraf **4** ar Pháipéar **X**.
Cad iad na hábhair as a ndearnadh í? Cá raibh an dealbh seo suite? (12)

(iii) Cén bhaint a bhí ag an Tiarna Elgin leis na foirgnimh ar an Acrapoil? (6)

(iv) Cad is meatóp ann? Cá bhfeicfeá meatóp ar an bPartanón?
Féadfaidh tú úsáid a bhaint as sceitse lipéadaithe i do fhreagra. (8)

(*c*) Féach ar Fhótagraf **5** ar Pháipéar **X** a thaispeánann mórshiúl na Féile *Panathenaic*.

(i) Cén fáth a gcuirtí an fhéile seo ar siúl? Cathain a chuirtí ar siúl í? (6)

(ii) Ainmnigh an foirgneamh a bhfuil an mórshiúl ag druidim leis. (4)

(iii) Cad is *peplos* ann agus cén bhaint atá aige leis an bhféile seo? (6)

(iv) Ón staidéar atá déanta agat ar na dealbha ar an bPartanón, an dóigh leat go raibh na dealbhóirí an-sciliúil? Bíodh tagairt agat do dhealbha ar leith i do fhreagra. (8)

**(80 marc)**

## ROINN B

## An Saol Rómhánach

**Topaic 6: Aeinéas ar a Shiúlta.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile** - (*a*), (*b*) agus (*c*) .

(*a*) Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Go díreach sula bhfaca sé Díodó den chéad uair ina teampall, cad a chuir Aeinéas ag caoineadh?

(ii) Nuair a shuigh Cúipid ar ghlúin Dhíodó, cén bréagriocht a bhí air? Cén fáth a raibh sé faoin mbréagriocht sin?

(iii) Cérbh é Sychaeus? Cé a mharaigh é?

(iv) Cérbh é Iarbas?

(v) Cén fáth ar theastaigh an Chraobh Órga ó Aeinéas?

(vi) Cad a bhí ar siúl ag Anchises nuair a casadh Aeinéas air sa Domhan Thíos? (24)

(*b*) (i) Cé hé Laocoon? Conas a fhaigheann sé bás i Leabhar 2 den **Aeinéid**? (10)

(ii) Cé a tháinig agus a dúirt le hAeinéas i mbrionglóid An Traí a fhágáil? (6)

(iii) Cad a theastaíonn ó Aeinéas a dhéanamh nuair a fheiceann sé Héilin ina seasamh lasmuigh de theampall Vesta? (6)

(iv) Cé hí Creusa? Cad a tharla di i Leabhar 2 den **Aeinéid**? (10)

(*c*) Léigh an sliocht seo a leanas as Leabhar 7 den **Aeinéid**, agus ansin freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

"Ach níl sí ina haonar, tá mac ag Véineas freisin, an dara Páras, agus beidh na tóirsí marfach arís don dara Traí." Leis na focail seo d'eitil an bandia scanrúil, Iúnó, síos go talamh agus dhúisigh sí Allecto, seoltóir an bhróin ó dhorchacht ifreanda a baile i measc na bhFúire. Ba mhór ag croí Allecto na huafáis a bhain le cogadh, fearg, fealltacht agus cúisimh nimhneacha. B'fhuath lena hathair féin, Plútón, a iníon urghránna; bhí an ghráin ag a deirfiúracha féin in Tartarus uirthi. Bhí a liacht sin aghaidheanna aici agus cruthanna chomh scanrúil sin aici agus bhí a ceann beo leis an oiread sin nathracha dubha. B'eo an maistín a spreag Iúnó anois chun gnímh leis na focail seo: "Déan an tseirbhís seo domsa, a iníon na hOíche. Déan deimhin de nach maslófar mo cháil agus m'onóir agus déan deimhin de nach bhfaighidh Aeinéas agus a chuid fear an ceann is fearr ar Latinus lena dtairiscintí póstaagus nach ligfear dóibh socrú síos ar thalamh na hIodáile."

(i) Cé hé an mac le Véineas a ndéantar tagairt dó sa sliocht seo? (4)

(ii) Cad é do mheas ar an gcur síos a rinne Veirgil ar Allecto sa sliocht seo? Mínigh do fhreagra. (6)

(iii) Cén **dá** threoir a thugann Iúnó d'Allecto? (6)

(iv) Mínigh **dhá** chúis a bhfuil Iúnó chomh naimhdeach sin le muintir na Traí. (8)

**(80 marc)**

**Topaic 7: Téatar na Rómhánach – Coiméide: An Saighdiúir Maíteach.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile** - (*a*), (*b*) agus (*c*) .

(*a*) Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Tabhair **dhá** chúis le caitheamh masc sna hamharclanna Rómhánacha.

(ii) Cad atá ar siúl ag Pyrgopolynices nuair a chastar orainn é den chéad uair?

(iii) Cén fáth ar fearr le Periplectomenus fanacht ina bhaitsiléir?

(iv) Cén tír nua-aimseartha ina bhfuil Ephesus?

(v) Cén carachtar as **An Saighdiúir Maíteach** a théann ar mhisean dioplómaitiúil go Naupactus?

(vi) "An t-aon rud a bhféadfaí a rá faoi ná go ndéanann a chócaire sailéad iontach olóige." Cé a labhraíonn na focail sin agus cé leis a labhraítear iad? (24)

(*b*) (i) Mínigh cén chaoi ar tharla go raibh Philocomasium ina chónaí i dteach Pyrgopolynices. (8)

(ii) Cad a bhí ar siúl ag Sceledrus thuas ar an díon? (8)

(iii) Mínigh cén chaoi a n-imríonn Palaestrio cleas ar Sceledrus le go gcreideann sé nach bhfaca sé Philocomasium ag pógadh Pleusicles. (8)

(iv) Cad a tharlaíonn do Pyrgopolynices ag deireadh an dráma? (8)

(*c*) Léigh an sliocht seo atá curtha in oiriuint as **An Pota Óir** le Plátas agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh. Tá Megadorus ag gearán faoi na nósanna caitheamh airgid a bhíonn ag mná céile.

**Megadorus**: Ní theastaíonn uaim riamh bean chéile a chloisteáil ag rá go bhfuil orm corcra agus ór, miúileanna, seirbhísigh, bonnairí, giollai agus carráistí le haghaidh taistil a sholáthar di. Sa lá atá inniu ann, pé áit a fhéachann tú, feiceann tú níos mó feithiclí lasmuigh de na tithe cathrach ná mar a fheiceann tú riamh faoin tuath. Agus ní dada é sin i gcomparáid leis an méid a mbíonn ort cur suas leis nuair a thagann na creidiúnaithe go dtí an doras. Seo chugainn an t-úcaire éadaigh, an bróidnéir, an gabha óir, an dearthóir frainsí, lucht déanta fo-éadaí, lucht ceaptha fial, ruaimneoirí corcra agus cróch, cumhradóirí, gréasaithe agus lucht déanta slipéar, feisteoirí cuarán agus ruaimneoirí leathair, iad ar fad ag fanacht ar íocaíocht: deisitheoirí, lucht déanta coirséad, saineolaithe criosanna. Agus nuair a fhaightear réidh leo seo - seo chugainn trí chéad eile lena gcuid billí! An halla lán le mná snáthaide, caibinéadairí, lucht déanta málaí ...

(i) Cén carachtar as **An Saighdiúir Maíteach** atá cosúil le Megadorus? Mínigh do fhreagra. (8)

(ii) I do thuairim, an bhfuil greann ag baint le háibhéil Megadorus? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (8)

(iii) Cad a insíonn **An Saighdiúir Maíteach** dúinn faoi sheasamh na mban in aimsir Phlátas? Mínigh do fhreagra. (8)

**(80 marc)**

**Topaic 8: Beatha agus Comhaimsir Iúil Caesar.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile** - (*a*), (*b*) agus (*c*) .

(*a*) Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Nuair a tháinig Sulla i gcumhacht, cén fáth a ndeachaigh Caesar i bhfolach?

(ii) Ainmnigh **beirt** de na mná céile a bhí ag Caesar.

(iii) Cén fáth ar chuir Caesar in aghaidh phionós an bháis i gcás lucht na Comhcheilge Caitilíní?

(iv) Conas a thug Vergentorix (Vercingetorix) é féin suas?

(v) Cén áit ar throid Caesar a chogadh deireanach?

(vi) Luaigh socrú **amháin** a rinne Caesar ina uacht. (24)

*(b)* (i) Cén gaol pósta a bhí idir Caesar agus Poimpéas? (8)

(ii) Cad a tharla chun deireadh a chur lena gcairdeas? (8)

(iii) Ainmnigh an fear ba shaibhre sa Róimh a rialaigh in éineacht le Caesar agus Poimpéas. (8)

(iv) "Tar éis gur briseadh air ag Philippi, mharaigh sé é fein leis an miodóg cheannann chéanna agus a d'úsáid sé in aghaidh Chaesar." Ainmnigh an duine a mharaigh é féin. (8)

(*c*) Léigh an litir seo a leanas a scríobh Cicearó chuig a chara, Atticus, i bhFeabhra 49 R.Ch, díreach tar éis don Chogadh Cathartha briseadh amach idir Poimpéas agus Caesar.

Níl troigh de thalamh na hIodáile nach bhfuil i seilbh Chaesar. Níl dada ar eolas agam faoi Phoimpéas, agus mura dtéann sé ar a chaomhnú ar bord loinge tá mé ag ceapadh go mbéarfar air. Tá an luas lena ngluaiseann Caesar dochreidte. Maidir le Poimpéas – ach tá sé ró-phianmhar domsa gearán faoi nuair atáim chomh buartha sin faoina chinniúint. D'fhéadfadh eagla a bheith ort faoi shléacht gan dabht, ach níorbh é sin leas Chaesar má theastaíonn uaidh go mairfidh a bhua agus a chumhacht phearsanta, ach tig liom a fheiceáil go héasca cén cineál daoine a spreagfaidh é chun gnímh. Ach is é mo chomhairle ná an áit a fhágáil. Maidir liom féin, cad ba chóir dom a dhéanamh? Cén chaoi a leanfaidh mé fear, ar muir nó ar tír, mura bhfuil a fhios agam cá bhfuil sé. Maidir lena leanúint ar tír, tá sé sin dodhéanta. Má leanaim é ar muir, cén ceann scríbe a bheidh ann? Ar chóir dom mé féin a thabhairt suas do Chaesar ansin? Cuir i gcás go raibh mé ábalta é sin a dhéanamh go sábháilte, an mbeinn ábalta é a dhéanamh le honóir. Go deimhin ní bheinn. Tá an fhadhb doréitithe.

(i) Cén t-eolas sa sliocht seo a insíonn dúinn go bhfuil ag éirí le Caesar ina chogadh in aghaidh Phoimpéas? (6)

(ii) Dar le Cicearó, cén fáth nach é leas Chaesar sléacht? (4)

(iii) Cén fhianaise atá sa sliocht seo go raibh Cicearó ina leanúnaí de chuid Phoimpéas? Cén fhianaise atá sa sliocht nár thaitin Caesar le Cicearó? (8)

(iv) Cén chaoi ar fhreagair Caesar dó nuair a chuala sé go raibh Poimpéas marbh? (6)

**(80 marc)**

**[Thall**

**Topaic 9: Cathair Rómhánach - An Phoimpé.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile** - (*a*), (*b*) agus (*c*) .

(*a*) Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra.
Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cad ab ea an Macellum? Cá háit a raibh sé suite sa Phoimpé?

(ii) Cad a thaispeántar i bhFótagraf **6** ar Pháipéar **X**?

(iii) Ainmnigh **ceann amháin** de na folcadáin sa Phoimpé.

(iv) Cad a thaispeántar i bhFótagraf **7** ar Pháipéar **X**?

(v) Cad le haghaidh a d'úsáidtí an Odeon sa Phoimpé?

(vi) Cén bhaint atá ag Plinias Aosta leis an bPoimpé ? (24)

(*b*) (i) I dteach Rómhánach, cá mbeifeá dá mbeifeá sa *peristylium*? (8)

(ii) Cad is mósáic ann? (8)

(iii) Cad is *lararium* ann? Cá bhfeicfeá *lararium* i dteach Rómhánach? (8)

(iv) Dá mbeadh ort cónaí i dteach Rómhánach, cad é ba mhaith leat nó nár mhaith leat faoi do theach? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (8)

(*c*) I bhFótagraf **8** ar Pháipéar **X** taispeántar péintéireacht a léiríonn eachtra cháiliúil ó stair Phoimpé.

(i) Cad atá ar siúl sa phéintéireacht? Cén fáth a bhfuil an phéintéireacht seo tábhachtach? (8)

(ii) Cén bhliain inar tharla an eachtra seo? (4)

(iii) Cén chaoi ar fhreagair an tImpire Néaró don eachtra seo? (4)

(iv) Déan cur síos ar **dhá** chineál gníomhaíochta a tharlaíodh san fhoirgneamh sa phictiúr. (8)

**(80 marc)**

**Topaic 10: An tArm Rómhánach.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile** - (*a*), (*b*) agus (*c*) .

(*a*) Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra.
Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cérbh iad miúileanna Mhairias?

(ii) Cad a thaispeántar i bhFótagraf **9** ar Pháipéar **X**? Cén fáth a raibh sé chomh tábhachtach sin don Arm Rómhánach?

(iii) Ainmnigh **dhá** rud a mbaintí airgead ina leith as pá saighdiúra.

(iv) Cad ba chúis le léigiún a bheith ar lonnú san Éigipt?

(v) Cén tImpire a ghlac páirt in ionradh na Breataine sa bhliain A.D. 43?

(vi) Cén uirlis a thaispeántar i bhFótagraf **10** ar Pháipéar **X**? Cad le haghaidh a d'úsáidtí í? (24)

*(b)* Tá léigiún Rómhánach tar éis baile mór de chuid an namhad a thimpeallú agus tá na Rómhánaigh ag ullmhú don ionsaí.

(i) Cén chaoi a dtabharfaí an comhartha faoi thús an léigir do na saighdiuirí? (8)

(ii) Tabhair **dhá** shampla de conas a dhéanfadh muintir an bhaile iad féin a chosaint. (8)

(iii) Scríobh cuntas achomair ar an gcaoi a ngabhann na Rómhánaigh an baile mór. (16)

*(c)* Féach ar Fhótagraf **11** ar Pháipéar **X**, a dtaispeántar dún Rómhánach ann, agus freagair na ceisteanna seo a leanas.

(i) Tabhair **dhá** chúis lena roghnófaí suíomh chun dún Rómhánach a thógáil. (6)

(ii) Cad is *principia* ann sa dún Rómhánach? Cá mbíodh sé suite? (6)

(iii) Seachas an *principia* luaigh **dhá** fhoirgneamh eile laistigh den dún. (6)

(iv) Cén difríocht atá ann idir dún agus campa ? (6)

**(80 marc)**

# Leathanach Bán